

EBA/GL/2024/14

14 Samhain 2024

Treoirlínte

maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bearta sriantacha náisiúnta a áirithiú

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010¹. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na dtreoirlínte seo a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na dtreoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na dtreoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na dtreoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 11.04.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2014/14' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear sna treoirlínte sin na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe inmheánacha ba cheart d'institiúidí airgeadais atá faoi réir rialála agus maoirseachta de bhun Threoir 2013/36/AE, Threoir (AE) 2015/2366 agus Threoir 2009/110/CE iad a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 74(1) de Threoir 2013/36/AE, Airteagal 11(4) de Threoir (AE) 2015/2366 agus Airteagal 3(1) de Threoir 2009/110/CE chun cur chun feidhme éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú.

Seolaithe

6. Díritear na treoirlínte seo ar:
 - (i) údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad i ngníomhartha reachtacha dá dtagraítear in Airteagal 4, pointe (2)(i) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010;
 - (ii) údaráis inniúla mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2)(vi) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 maidir le Treoir (AE) 2015/2366 agus Treoir 2009/110/CE;
 - (iii) institiúidí airgeadais atá faoi réir rialála agus maoirseachta de bhun Threoir 2013/36/AE, Threoir (AE) 2015/2366 agus Threoir 2009/110/CE.
7. Údaráis inniúla atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha arna nglacadh ag institiúidí airgeadais chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú, de réir an chreata dhlíthiúil intíre, féadfaidh siad tagairt a dhéanamh do na treoirlínte sin agus measúnú á dhéanamh acu ar bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha den sórt sin.

Sainmhíniú

Mura sonraítear a mhalairt, na téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE, i dTreoir (AE) 2015/2366, agus i dTreoir 2009/110/CE, tá an bhrí chéanna leo sna treoirlínte. Ina theannta sin, chun críocha na dtreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Bearta sriantacha

ciallaíonn sé bearta sriantacha an Aontais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2024/1226 agus bearta sriantacha náisiúnta arna nglacadh ag na Ballstáit i gcomhréir lena ndlíchóras náisiúnta (a mhéid atá feidhm acu maidir le hinstitiúidí airgeadais).

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

8. Beidh feidhm leis na Treoirí seo ón 30 Nollaig 2025.

4. Treoirínte maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú

Forálacha ginearálta

1. Ba cheart d'institiúidí airgeadais na réimsí dá ngnó atá an-leochaileach nó neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha a shainaithint agus a mheasúnú. Ar an mbonn sin, ba cheart dóibh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe atá cothrom le dáta a chur i bhfeidhm, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú gur féidir leo córais bhearta sriantacha a chomhlíonadh go héifeachtach.
2. Ba cheart na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe sin a bheith éifeachtach agus comhréireach le méid, cineál agus castacht na hinstiúide airgeadais, agus lena neamhchosaint ar bhearta sriantacha.

4.1 Creat rialachais agus ról an chomhlachta bainistíochta

3. Ba cheart d'institiúidí airgeadais creat rialachais a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus rialuithe chun bearta sriantacha a chur chun feidhme leordhóthanach agus go gcuirtear chun feidhme go héifeachtach iad.
4. Ba cheart comhlacht bainistíochta na hinstiúide airgeadais a bheith freagrach as straitéis na hinstiúide airgeadais a fhorghnas maidir le bearta sriantacha a chomhlíonadh agus as maoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme trí na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe is gá chun cur chun feidhme bhearta sriantacha a áirithiú. Ba cheart do chomhaltaí uile an chomhlachta bainistíochta a bheith ar an eolas faoi neamhchosaint na hinstiúide airgeadais ar bhearta sriantacha agus faoina leochaileacht maidir le dul timpeall ar bhearta sriantacha.
5. I gcás inar duine aonair a stiúran gnó na hinstiúide airgeadais, féadfaidh an duine sin bainisteoir sinsearach a shannadh chun feidhm an chomhlachta bainistíochta a chomhlíonadh de bhun mhír 4.

6. I gcás inarb í an institiúid airgeadais máthairghnóthas grúpa mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (9) agus pointe (11) de Threoir 2013/34/AE,² ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ag gach comhlacht bainistíochta, réim ghnó agus aonad inmheánach, lena n-áirítear gach feidhm rialaithe inmheánaigh atá ag fochuideachtaí an ghrúpa chun na bearta sriantacha a chomhlíonadh. Is ar gach eintiteas sa ghrúpa atá an fhreagracht deiridh as na bearta sriantacha a chomhlíonadh.
7. I gcás inarb í an institiúid airgeadais máthairghnóthas grúpa, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais a áirithiú go ndéanfaidh fochuideachtaí an ghrúpa a measúnú neamhchosanta féin ar bhearta sriantacha, mar a leagtar amach i gCuid 4.2, ar bhealach comhordaithe agus bunaithe ar mhodheolaíocht chomhchoiteann, lena léirítear sainiúlachtaí an ghrúpa.

4.1.1 Ról an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta

8. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a bheith freagrach as maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar na rialuithe inmheánacha agus ar an gcreat rialachais atá curtha i bhfeidhm ag an institiúid airgeadais chun bearta sriantacha a chomhlíonadh chun a áirithiú go bhfuil sé éifeachtach, de bhun Chuid 4.3.
9. I dteannta na bhforálacha a leagtar amach i dTreoirlínte EBA/GL/2021/05³, ba cheart do chomhlacht bainistíochta institiúide airgeadais an méid seo a leanas a dhéanamh ina fheidhm mhaoirseachta:
 - a. a bheith ar an eolas faoi thorthaí an mheasúnaithe neamhchosanta is déanaí ar bhearta sriantacha, de bhun Chuid 4.2;
 - b. maoirseacht agus faireachán a dhéanamh, trí fheidhm na rialuithe inmheánacha, ar a mhéid atá beartais agus nósanna imeachta na mbeart sriantach leordhóthanach agus éifeachtach, de bhun Chuid 4.3, i bhfianaise neamhchosaint na mbeart sriantach agus an riosca go rachfar timpeall ar bhearta sriantacha a bhfuil an institiúid airgeadais neamhchosanta orthu agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar bearta feabhsúcháin nuair is gá;
 - c. measúnú a dhéanamh, uair sa bhliain ar a laghad, ar fheidhmiú éifeachtach fheidhm chomhlíonta na mbeart sriantach, lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear oiriúnacht na n-acmhainní daonna agus teicniúla a leithdháiltear ar chomhlíonadh na mbeart sriantach.

10. I gcás inarb í an institiúid airgeadais máthairghnóthas grúpa, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais sin na cúraimí uile dá dtagraítear i mír 9 a dhéanamh freisin

² Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara de chineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE.

³ Treoirlínte EBA/GL/2021/05 maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE.

ar leibhéal grúpa. Is ar gach eintiteas sa ghrúpa atá an fhreagracht deiridh as na bearta sriantacha a chomhlíonadh.

4.1.2 Ról an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta

11.I dteannta na bhforálacha a leagtar amach i dTreoirlínte EBA/GL/2021/05, ba cheart do chomhlacht bainistíochta na hinstitiúide airgeadais an méid seo a leanas a dhéanamh ina fheidhm bhainistíochta:

- a. a áirithiú go gcuirfear ar an eolas é faoi thorthaí an mheasúnaithe neamhchosanta is déanaí ar bhearta sriantacha, de bhun Chuid 4.2;
- b. creat bainistíochta riosca agus córas rialaithe inmheánaigh iomchuí a ghlacadh atá neamhspleách go leor ar an ngnó a rialaíonn sé;
- c. beartais, nósanna imeachta agus rialuithe a fhorghnóthas atá comhréireach le neamhchosaint na hinstitiúide airgeadais ar bhearta sriantacha agus atá leordhóthanach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid airgeadais bearta sriantacha;
- d. cur chun feidhme éifeachtach phróisis na hinstitiúide airgeadais a áirithiú chun bearta sriantacha a chomhlíonadh;
- e. an struchtúr eagraíochtúil agus oibríochtúil is gá a chur chun feidhme chun an straitéis um bearta sriantacha arna glacadh ag an gcomhlacht bainistíochta a chomhlíonadh go héifeachtach;
- f. a áirithiú go bhfuil na hacmhainní daonna agus teicniúla a leithdháiltear ar chomhlíonadh na mbeart sriantach iomchuí agus ar cóimhéid le neamhchosaint na n-institiúidí ar bhearta sriantacha;
- g. i gcás ina ndéantar feidhmeanna oibríochtúla maidir le comhlíonadh na mbeart sriantach a sheachfhoinisíú, a áirithiú go gcomhlíonfaidh na socruithe sin Treoirlínte EBA/GL/2019/02⁴, agus tuarascálacha rialta a fháil ón soláthraí seirbhíse maidir le héifeachtacht an chórais chun an comhlacht bainistíochta a chur ar an eolas.

12.I gcás inarb í an institiúid airgeadais máthairghnóthas grúpa, ba cheart do chomhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais sin a áirithiú go ndéantar na cúraimí uile dá dtagraítear i mír 11 ar leibhéal na bhfochuideachtaí freisin agus go bhfuil na beartais agus na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ailínithe le nósanna imeachta agus le beartais an ghrúpa, a mhéid a cheadaítear faoin dlí náisiúnta is infheidhme.

⁴ Treoirlínte EBA/GL/2019/02 maidir le socruithe seachfhoinisithe, a gcuirfear Treoirlínte EBA/GL/XXXX/XX maidir le bainistíocht fhónta rioscaí tríú páirtí ina n-ionad.

4.1.3 Ról an bhaill foirne shinsearaigh atá i gceannas ar chomhlíonadh na mbeart sriantach

4.1.3.1 An ball foirne sinsearach a cheapadh

13. Ba cheart d'institiúidí airgeadais ball foirne sinsearach a cheapadh a bheidh i gceannas ar chomhlíonadh na bhfeidhmeanna agus na gcúraimí a leagtar amach i míreanna 19 go 21. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta a áirithiú go bhfuil an t-eolas agus an tuiscint ag an mball foirne sinsearach ar na bearta sriantacha is gá chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach.
14. Féadfaidh an comhlacht bainistíochta an ról sin a shannadh do bhall foirne sinsearach a bhfuil dualgais nó feidhmeanna eile aige nó aici cheana laistigh den institiúid airgeadais (amhail an t-oifigeach comhlíonta AML/CFT nó an príomhoifigeach comhlíonta) ar choinníoll:
- go bhfuil údar leis sin i ngeall ar mhéid agus ar chastacht na hinstitiúide airgeadais agus ar thoradh an mheasúnaithe neamhchosanta ar bhearta sriantacha;
 - nach ndéanann sé sin difear do chumas an bhaill foirne shinsearaigh sin a gcuid dualgas nó a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach; agus
 - nach gcruthaíonn an teaghlaim cúraimí sin aon choinbhleachtaí leasa, amhail coinbhleachtaí idir cúraimí oibríochtúla agus rialaithe a shanntar don bhall foirne sin.
15. Ba cheart don chomhlacht bainistíochta cead a thabhairt don bhall foirne sinsearach na cúraimí a shonraítear i míreanna 19 go 21 a shannadh agus a tharmligean chuig baill foirne eile atá ag gníomhú faoi stiúir agus faoi mhaoirseacht an bhaill foirne shinsearaigh, ar choinníoll gur ar an mball foirne sinsearach i gcónaí atá an fhreagracht deiridh as comhlíonadh éifeachtach na gcúraimí sin.
16. Beag beann ar na socruithe institiúideacha, ba cheart d'institiúidí airgeadais an méid seo a leanas a áirithiú:
- gur féidir leis an mball foirne sinsearach comhordú agus comhoibriú go héifeachtach le feidhmeanna rialaithe inmheánaigh; agus
 - go bhfuil an ball foirne sinsearach in ann tuairisciú agus tá rochtain dhíreach aige nó aici ar an gcomhlacht bainistíochta san fheidhm bhainistíochta agus mhaoirseachta.
17. I gcás ina bhfuil an institiúid airgeadais cuid de ghrúpa, ba cheart do chomhlacht bainistíochta na máthairinstitiúide airgeadais ball foirne sinsearach ar ghrúpleibhéal a cheapadh.

4.1.3.2 Ról an bhaill foirne shinsearaigh

18. Ba cheart don bhall foirne sinsearach beartais, nósanna imeachta agus rialuithe a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun atá leordhóthanach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an institiúid airgeadais bearta sriantacha agus atá comhréireach le neamhchosaint na hinstitiúide airgeadais ar bhearta sriantacha.

19. Ba cheart don bhall foirne sinsearach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar Cuid 4.2 maidir leis an measúnú ar neamhchosaint ar bhearta sriantacha;
- b. na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar Cuid 4.3 maidir le beartais agus nósanna imeachta éifeachtacha um bearta sriantacha;
- c. faisnéis rialta agus leordhóthanach a sholáthar don chomhlacht bainistíochta chun go mbeidh sé in ann a fheidhmeanna a chomhlíonadh mar a shainmhínítear i gCuid 4.1.1 agus i gCuid 4.1.2. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis bhainistíochta an méid seo a leanas ar a laghad:
 - i) athruithe ar neamhchosaint na hinstiúide airgeadais ar bhearta sriantacha agus toradh mheasúnaithe neamhchosanta na hinstiúide airgeadais ar bhearta sriantacha;
 - ii) athruithe ar chórais na mbeart sriantach agus a dtionchar ar an instiúid airgeadais;
 - iii) staitisticí agus faisnéis a bhaineann leis na nithe seo a leanas:
 - líon na bhfoláireamh a ghintear;
 - líon na bhfoláireamh atá fós le hanailísiú;
 - líon na dtuarascálacha arna gcur faoi bhráid an údarais náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme⁵ agus/nó faoi bhráid an údarais inniúil mhaoirseachta mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme;
 - an meán-am idir an fíormheaits dearfach agus an tuarascáil a cuireadh faoi bhráid an údarais náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme agus/nó faoi bhráid an údarais inniúil mhaoirseachta mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme;
 - luach na gcistí reoite, na n-acmhainní eacnamaíochta reoite⁶ agus cineál na sócmhainní sin, arna sealbhú ag an instiúid airgeadais;
 - iv) faisnéis maidir le hacmhainní daonna agus teicniúla agus leordhóthanacht na n-acmhainní sin i bhfianaise neamhchosaint na hinstiúide airgeadais ar bhearta sriantacha;
 - v) easnaimh nó laigí arna sainaithint i ndáil le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe na hinstiúide airgeadais maidir le bearta sriantacha, lena n-áirítear barúlacha arna soláthar ag údarais inniúla i ndáil le maoirseacht a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe chun bearta sriantacha a chur chun feidhme;
 - vi) cásanna de shárú agus de dhul timpeall ar na bearta sriantacha agus na cúiseanna leis an sárú agus leis an dul timpeall ar na bearta sriantacha;
 - vii) tograí maidir le conas aghaidh a thabhairt ar aon athruithe ar cheanglais rialála nó ar neamhchosaint ar bhearta sriantacha, nó ar aon easnaimh nó laigí i mbeartais,

⁵ https://finance.ec.europa.eu/eu-and-world/sanctions-restrictive-measures/overview-sanctions-and-related-resources_en#contact.

⁶ Féach Airteagal 2, pointí (5) agus (6) de Threoir (AE) 2024/1226.

nósanna imeachta nó rialuithe na hinstiúide airgeadais maidir le bearta sriantacha a sainaithníodh agus cásanna de shárú agus de dhul timpeall ar na bearta sriantacha a sainaithníodh.

- d. gach sárú ar bhearta sriantacha a thuairisciú do na húdaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme agus/nó don údarás maoirseachta inniúil mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme;
- e. comhoibriú go héifeachtach agus go cuiditheach leis na húdaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme agus leis an údarás maoirseachta inniúil mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme.

20. I gcás ina bhfuil an instiúid airgeadais cuid de ghrúpa, ba cheart don bhall foirne sinsearach ar leibhéal grúpa measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeartas, na nósanna imeachta agus na rialuithe maidir le comhlíonadh na mbeart sriantach ábhartha ar fud brainsí, fochuideachtaí, idirghabhálaithe, dáileoirí agus gníomhairí i gcás inarb infheidhme. Is ar gach eintiteas sa ghrúpa atá an fhreagracht deiridh as na bearta sriantacha a chomhlíonadh.

21. Ba cheart don bhall foirne sinsearach maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus ar chur chun feidhme an chláir oiliúna mar a shonraítear i gCuid 4.4.

4.2 Measúnú neamhchosanta a dhéanamh ar bhearta sriantacha

22. Ba cheart a chumhdach le nósanna imeachta inmheánacha na n-instiúidí airgeadais measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha chun tuiscint a fháil ar a mhéid atá gach réimse dá ngnó neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus leochaileach maidir le dul timpeall ar bhearta sriantacha.

23. Leis an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha, ba cheart go gcuirfí ar chumas na n-instiúidí airgeadais na nithe seo a leanas a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu:

- a. cad iad na córais um bearta sriantacha a bhfuil feidhm acu maidir leo;
- b. an dóchúlacht nach gcuirfear bearta sriantacha chun feidhme;
- c. an dóchúlacht go rachfar timpeall ar bhearta sriantacha;
- d. tionchar aon sárúithe ar bhearta sriantacha; agus
- e. na tosca riosca seo a leanas:
 - a) riosca geografach, lena n-áirítear:
 - i. an áit a ndéanann an instiúid airgeadais a gnó, i.e. na dlínsí agus na críocha ina bhfuil an instiúid airgeadais bunaithe nó ina n-oibríonn sí;
 - ii. a mhéid atá na dlínsí agus na críocha sin neamhchosanta ar bhearta sriantacha nó arb eol go n-úsáidtear iad chun dul timpeall ar bhearta sriantacha;
 - iii. tionscnamh agus ceann scríbe na n-idirbheart.

- b) riosca do chustaiméirí, lena n-áirítear:
 - i. naisc custaiméirí agus, más infheidhme, a n-úinéirí tairbhiúla agus a scairshealbhóirí rialaithe, le tíortha a bhfuil bearta sriantacha i bhfeidhm ina leith de bharr staid a dhéanann difear don tír sin, nó arb eol go n-úsáidtear iad chun dul timpeall ar bhearta sriantacha;
 - ii. an líon custaiméirí, an cineál custaiméirí agus castacht na gcustaiméirí sin, amhail na saincheisteanna maidir leis an úinéir tairbhiúil a shainithint;
 - iii. gníomhaíocht a bhonn custaiméirí, agus castacht na gníomhaíochta, lena n-áirítear aon naisc le tionscail nó le hearnálacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta eacnamaíocha nó aon bhearta sriantacha eile, chomh maith le minicíocht agus cineálacha na n-idirbheart.

- c) riosca táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear:
 - i. cineál táirgí agus seirbhísí na hinstitiúide airgeadais;
 - ii. a mhéid atá an institiúid airgeadais neamhchosanta do bhearta sriantacha agus do dhul timpeall ar bhearta sriantacha trí na táirgí agus na seirbhísí sin a sholáthar.

- d) riosca maidir le bealaí seachadta, lena n-áirítear an gcruthaíonn úsáid idirghabhálaithe, gníomhairí, tríú páirtithe, caidreamh baincéireachta comhfhreagraí nó bealaí seachadta eile leochaileachtaí, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - i. teorainn a chur le hinfheictheacht na hinstitiúide airgeadais do na páirtithe lena mbaineann;
 - ii. an institiúid airgeadais a dhéanamh spleách ar phróisis scagtha tríú páirtithe;
 - iii. neamhchosaint na hinstitiúide airgeadais ar rioscaí geografacha a mhéadú toisc go bhfuil siad ag feidhmiú nó bunaithe i dtíortha a bhfuil bearta sriantacha i bhfeidhm ina leith mar gheall ar staid a dhéanann difear don tír sin nó do na tíortha sin arb eol go n-úsáidtear iad chun dul timpeall ar bhearta sriantacha.

24. Ba cheart an measúnú dá dtagraítear i mír 22 a bheith bunaithe ar raon foinsí faisnéise atá éagsúil go leordhóthanach, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

- a. faisnéis arna fáil mar chuid de bhearta díchill chúí custaiméara na hinstitiúide airgeadais a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le forálacha Airteagal 13 de Threoir (AE) 2015/849;
- b. faisnéis ó chomhlachtaí idirnáisiúnta, ón rialtas, ó údaráis inniúla náisiúnta lena n-áirítear maoirseoirí AML/CFT, ó aonaid um fhaisnéis airgeadais (AFAnna) agus ó údaráis forfheidhmithe dlí (LEAnna), amhail tíopeolaíochtaí cothrom le dáta maidir le dul timpeall ar bhearta sriantacha;
- c. faisnéis ó fhoinní oscailte inchreidte agus iontaofa, amhail tuarascálacha i nuachtáin chreidiúnacha agus ó eagraíochtaí meán creidiúnacha eile;
- d. faisnéis ó eagraíochtaí tráchtála inchreidte agus iontaofa, amhail tuarascálacha riosca;

- e. i gcás ina mbeidh sí sin ar fáil, anailís ar fholáirimh maidir le bearta sriantacha a bhí ann roimhe seo a bhaineann le fóirmheaitseanna dearfacha agus le meaitseanna dearfacha bréagacha chun cásanna a shainaithint inar dóichí go dtarlóidh fóirmheaitseanna dearfacha.
25. Agus measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha á dhéanamh acu, ba cheart d'institiúidí airgeadais a mheas an bhféadfadh scagadh cúlghabhálach ar a mbunachar sonraí custaiméirí agus ar thaifid idirbheart roimhe seo a bheith úsáideach agus comhréireach. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás inar shainaithin an institiúid airgeadais go raibh an córas scagtha a bhí aici roimhe sin neamhleor nó neamhéifeachtach, nó ina bhfuil forais réasúnacha aici le hamhras a bheith uirthi ina leith sin.
26. Ba cheart d'institiúidí airgeadais a áirithiú go mbíonn a measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha cothrom le dáta agus ábhartha i gcónaí. Chuige sin, ba cheart d'institiúidí airgeadais athbhreithniú a dhéanamh air uair sa bhliain ar a laghad agus, i gcás inar gá, é a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, de réir mar is gá, ba cheart d'institiúidí airgeadais athbhreithniú a dhéanamh ar a measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha sna cásanna seo a leanas:
- bearta sriantacha nua agus athruithe suntasacha ar na bearta sriantacha atá ann cheana a ghlacadh;
 - sula ndéanfar táirgí nua a sholáthar, bealaí nua seachadta táirgí a thairiscint, freastal ar ghrúpaí cliant nua, dul isteach i limistéir gheografacha nua;
 - athruithe suntasacha ar phróifíl ghníomhaíochta, bonn custaiméirí, struchtúr eagraíochtúil nó samhail ghnó na hinstitiúide;
 - neamhchur chun feidhme bhearta sriantacha agus dul timpeall ar bhearta sriantacha a shainaithint, rud a léiríonn neamhoiriúnacht an mheasúnaithe neamhchosanta ar bhearta sriantacha;
 - easnaimh i measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha atá ann cheana arna sainaithint ag an institiúid airgeadais nó ag an údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bheartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bearta sriantacha náisiúnta a áirithiú.
27. Ba cheart d'institiúidí airgeadais a modheolaíocht a dhoiciméadú maidir lena measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus toradh an mheasúnaithe sin a dhéanamh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu agus iad a chur ar fáil dá n-údarás inniúil arna iarraidh sin.
28. I gcás inarb í an institiúid airgeadais máthairghnóthas grúpa, ba cheart don chomhlacht bainistíochta grúpa a áirithiú go ndéanfaidh fochuideachtaí an ghrúpa a mheasúnú neamhchosanta féin ar bhearta sriantacha ar bhealach comhordaithe agus é bunaithe ar mhodheolaíocht choiteann agus a shonraíochtaí féin á léiriú ag an am céanna.

4.3 Éifeachtacht leanúnach beartais, nósanna imeachta agus rialuithe na mbeart sriantach a áirithiú

29. Chun a bheith éifeachtach, ba cheart go gcuirfeadh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe institiúide airgeadais chun bearta sriantacha a chur chun feidhme ar a cumas gach beart sriantach is infheidhme a chur chun feidhme go hiomlán agus i gceart gan mhoill.

30. Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a chumhdach le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe:

- a. próisis chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis uile atá cothrom le dáta ag na hinstitiúidí airgeadais maidir leis na bearta sriantacha is infheidhme;
- b. próisis chun a áirithiú go ndéanfar liostaí agus ceanglais na mbeart sriantach is infheidhme a thabhairt cothrom le dáta a luaithe is a thiocfaidh siad i bhfeidhm;
- c. próisis chun a áirithiú go leanfaidh measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha de bheith ábhartha agus cothrom le dáta;
- d. próisis chun a áirithiú go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus rialuithe i gcomhréir leis an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha;
- e. próisis chun a áirithiú an méid seo a leanas maidir le beartais agus nósanna imeachta na mbeart sriantach:
 - i. go ndéanfar athbhreithniú orthu ar bhonn rialta;
 - ii. go ndéanfar iad a leasú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta nuair is gá agus i gcás inar gá;
 - iii. go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach iad; agus
 - iv. go gceaptar iad ar bhealach lena spreagtar an ghníomhaíocht is gá a luaithe is a shainithnítear easnaimh.
- f. nósanna imeachta chun tús a chur le himscrúdú a dhéanamh gan mhoill ar na meaitseanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann;
- g. má tá fóirmheaitseanna dearfacha ann, nósanna imeachta lena spreagtar gníomhaíochtaí leantacha chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bearta srianta is infheidhme, lena n-áirítear diúltú, fionraíocht nó reo láithreach, agus tuairisciú do na húdaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme nó don údarás maoirseachta inniúil mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme, laistigh de na hamlínte a shonraíonn na húdaráis sin nó mar a shonraítear sa Rialachán maidir leis na bearta sriantacha is infheidhme;
- h. eagraíocht inmheánach dhoiciméadaithe ina leagtar amach go soiléir na cúraimí agus na freagrachtaí maidir le bearta sriantacha, lena n-áirítear nuair a dhéantar seachfhoinsiú;
- i. gnéithe eile mar a shonraítear i dTreoirlínte EBA/GL/2024/15 maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha faoi Rialachán (AE) 2023/1113 a áirithiú.

4.4 Oiliúint

31. Ba cheart d’institiúidí airgeadais oiliúint a chur ar fáil dá mbaill foirne ar bhonn rialta chun a áirithiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na nithe seo a leanas agus go gcoinneofar iad ar an eolas fúthu:
- na bearta sriantacha is infheidhme;
 - toradh an mheasúnaithe neamhchosanta ar bhearta sriantacha; agus
 - beartais, nósanna imeachta agus rialuithe chun na bearta sriantacha is infheidhme a chomhlíonadh.
32. Ba cheart an oiliúint a chur in oiriúint do bhaill foirne agus dá ról sonracha. Ba cheart é a bheith tráthúil agus leordhóthanach chun cur ar chumas na hinstiúide airgeadais bearta sriantacha a chomhlíonadh. Laistigh de ghrúpa, is féidir leis an máthairchuideachta an ghníomhaíocht sin a dhéanamh – go hiomlán nó i bpáirt.
33. Ba cheart d’institiúidí airgeadais a bplean oiliúna a dhoiciméadú agus a bheith réidh chun a léiriú dá n-údarás inniúil, arna iarraidh sin, go bhfuil a n-oiliúint leordhóthanach agus éifeachtach.

EBA/GL/2024/15

14 Samhain 2024

Treoirlínte

maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2023/1113 a áirithiú

1. Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010⁷. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla, do PSPanna agus do CASPanna gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.
2. I dtreoirlínte leagtar amach tuairim ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir leis an gcaoi ar cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i réimse ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó a bpróisis mhaoirseachta a leasú), agus cásanna ina bhfuil na treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí san áireamh.

Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt do ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoin 11.04.2025. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ÚBE a chur isteach agus an tagairt 'EBA/GL/2014/15' air. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.
4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún, (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

2. Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

Ábhar agus raon feidhme

5. Sonraítear sna treoirlínte sin na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe inmheánacha ba cheart do sholáthraithe seirbhísí íocaíochta (PSPanna) agus do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní (CASPanna) a chur i bhfeidhm chun cur chun feidhme éifeachtach bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú agus aistrithe cistí agus cripteashócmhainní á ndéanamh acu mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

Seolaithe

6. Dírítear na treoirlínte seo ar:
 - a. údaráis inniúla atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar PSPanna agus ar CASPanna chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2023/1113 a chomhlíonadh.
 - b. institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ar PSPanna iad mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (5) de Rialachán (AE) 2023/1113 agus CASPanna mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (15) de Rialachán (AE) 2023/1113.

Sainmhínithe

7. Tá an bhrí chéanna sna Treoirlínte ag téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/1114. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

Bearta sriantacha

ciallaíonn sé bearta sriantacha an Aontais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2024/1226 agus bearta sriantacha náisiúnta arna nglacadh ag na Ballstáit i

⁸ Rialachán (AE) 2023/1113 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le faisnéis a ghabhann le haistrithe cistí agus le cripteashócmhainní áirithe agus lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 (athmhúnlú) (IO L 150, 9.6.2023, lch. 1).

	<p>gcomhréir lena ndlíchóras náisiúnta (a mhéid atá feidhm acu maidir le hinstiúidí airgeadais).</p>
Smachtbhannaí airgeadais spriocdhírthe	<p>ciallaíonn sé sin reo sócmhainní agus toirmisc araon chun cistí nó sócmhainní eile a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, chun tairbhe na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe de bhun Cinntí ón gComhairle a glacadh ar bhonn Airteagal 29 TEU agus Rialacháin ón gComhairle a glacadh ar bhonn Airteagal 215 TFEU;</p>
Bearta sriantacha earnála	<p>ciallaíonn sé sin bearta sriantacha amhail trádhaic arm agus trealamh gaolmhar nó bearta eacnamaíocha agus airgeadais (e.g. srianta ar allmhairiú agus ar onnmhairiú, agus srianta ar sholáthar seirbhísí áirithe, amhail seirbhísí baincéireachta).</p>

3. Cur chun feidhme

Dáta cur i bhfeidhm

8. Beidh feidhm leis na Treoirí seo ón 30 Nollaig 2025.

4. Treoirlínte maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2023/1113 a áirithiú

Forálacha ginearálta

1. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna beartais, nósanna imeachta agus rialuithe a chur i bhfeidhm chun go mbeidh siad in ann bearta sriantacha a chomhlíonadh. Ba cheart go leanfadh beartais, nósanna imeachta agus rialuithe den sórt sin Treoirlínte EBA/GL/2024/14 maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bhearta sriantacha an Aontais agus bhearta sriantacha náisiúnta a áirithiú.
2. Ba cheart go gcuirfeadh na beartais, na nósanna imeachta agus na rialuithe sin ar chumas PSPanna agus CASPanna ábhair na mbeart sriantach a shainaithint. Ba cheart go gcuirfeadh siad freisin ar chumas PSPanna agus CASPanna na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh siad aon chistí ná cripteashócmhainní ar fáil do na hábhair sin, nach ndéanfaidh siad idirbhearta airgeadais ná seirbhísí a thoirmisctear le bearta sriantacha, agus go mbainisteoidh siad na rioscaí a bhaineann le dul timpeall ar bhearta sriantacha.

4.1 Scagadh ar bhearta sriantacha

3. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna córas scagtha éifeachtach a chur ar bun chun spriocanna na mbeart sriantach a shainaithint go hiontaofa mar a shonraítear tuilleadh i gCuid 4.4.

4.1.1 Córas scagtha a roghnú

4. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha a úsáid chun a chinneadh cén córas scagtha a úsáidfidh siad, nó chun an córas scagtha atá á úsáid acu a bhailíochtú, chun na bearta sriantacha is infheidhme a chomhlíonadh. Ba cheart an córas

scagtha a chur in oiriúint do mhéid, cineál agus castacht ghnó na PSPanna agus na CASPanna agus dá neamhchosaint ar bhearta sriantacha.

5. Agus cinneadh á dhéanamh acu maidir lena gcóras scagtha, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a mheas an bhfuil rochtain acu ar na hacmhainní is gá chun an córas atá roghnaithe acu a úsáid go héifeachtach.
6. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna athbhreithniú ar bhonn rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais scagtha chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith éifeachtach agus go leanfaidh sé de spriocanna na mbeart sriantach a shainaithint go hiontaofa. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras scagtha a úsáidtear uair sa bhliain ar a laghad agus láithreach bonn i gcás ina mbeadh údar imní acu go bhféadfadh sé nach mbeadh an córas oiriúnach don fheidhm atá leis.
7. De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2022/2554, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna cumais agus teorainneacha an chórais scagtha a thuiscint agus a dhoiciméadú. Ba cheart go mbeadh PSPanna agus CASPanna in ann a léiriú dá n-údarás inniúil go bhfuil a gcóras scagtha leordhóthanach.

4.1.2 Bainistíocht liostaí

8. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna na bearta sriantacha nach mór dóibh a chur i bhfeidhm a shonrú ina mbeartais agus ina nósanna imeachta.
9. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith ag PSPanna agus ag CASPanna chun an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - a. a shainaithint nuair a ghlacfar sraith nua bhearta sriantacha, nó nuair a dhéanfar beart sriantach atá ann cheana a nuashonrú nó a bhaint;
 - b. a dtacar sonraí inmheánach atá le scagadh a nuashonrú i gcomhréir le Cuid 4.1.3 díreach tar éis do bheart sriantach nua teacht i bhfeidhm, nó tar éis beart sriantach atá ann cheana a nuashonrú nó a bhaint.

4.1.3 An tacar sonraí atá le scagadh a shainiú

10. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna na cineálacha sonraí a dhéanfaidh siad a scagadh maidir le gach cineál birt shriantaigh a shainiú ina mbeartais agus ina nósanna imeachta, agus toradh a measúnaithe neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus na bearta sriantacha nach mór dóibh a chur i bhfeidhm á gcur san áireamh.
11. Agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an tacar sonraí a bheidh le scagadh de réir chineál an bhirt shriantaigh is infheidhme, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna na sonraí uile atá ina seilbh acu faoina gcustaiméirí a mheas, lena n-áirítear faisnéis a fhaightear ar na bealaí seo a leanas:

- a. agus bearta díchill chuí do chustaiméirí á gcur i bhfeidhm de bhun dhlí an Aontais agus an dlí náisiúnta lena dtrasuitear dlí an Aontais; agus
- b. agus Rialachán (AE) 2023/1113 á chomhlíonadh.

12. I gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2023/1113, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí atá ina seilbh cruinn, cothrom le dáta agus mionsonraithe go leor chun cur ar a gcumas a chinneadh an bhfuil páirtí san aistriú, a n-úinéir tairbhiúil nó aon duine a mhaíonn go bhfuil siad údaraithe nó atá údaraithe chun gníomhú thar a gceann faoi réir bearta sriantacha.

13. Chun foláirimh bhréagacha go mion minic a sheachaint maidir le duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht nach bhfuil faoi réir bearta sriantacha ach a sainiú go bréagach mar sin leis an gcóras um scagadh atá ann cheana, féadfaidh PSPanna agus CASPanna a chinneadh daoine den sórt sin a áireamh ar liosta inmheánach sonracha (geal-liostú). Ní mór na cúiseanna atá le cinneadh den sórt sin a dhoiciméadú. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna athbhreithniú a dhéanamh ar liosta den sórt sin díreach tar éis do bheart sriantach nua nó leasaithe teacht i bhfeidhm, nó má tháinig athrú ar an bhfaisnéis faoi chustaiméirí.

4.1.4 Scagadh an bonn custaiméirí

14. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta conas a dhéanfaidh siad scagadh ar a mbonn custaiméirí.

15. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a mbunachar sonraí custaiméirí ina iomláine a scagadh go rialta agus minicíocht an scagtha sin ar chustaiméirí a chinneadh bunaithe ar a measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha.

16. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna teagmhais spreagtha a shonrú i gcinneadh inmheánach cathain ba cheart scagadh a dhéanamh ar a gcustaiméirí i gcónaí agus na cinntí sin a choinneáil cothrom le dáta. Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas, ar a laghad, i dteagmhais spreagtha:

- a. athrú ar aon cheann de na hainmnithe nó na bearta sriantacha atá ann cheana, ainmniú nua nó teacht i bhfeidhm birt shriantaigh nua;
- b. ag ionduchtú custaiméara nó sula mbunófar caidreamh gnó;
- c. má tharlaíonn athruithe suntasacha ar sonraí díchill chuí custaiméara atá ann cheana, amhail athrú ar ainm, áit chónaithe, náisiúntacht nó athrú ar oibríochtaí gnó;
- d. má tá forais réasúnacha ann le bheith in amhras go bhfuil an custaiméir, nó aon duine a mhaíonn go bhfuil siad údaraithe nó atá údaraithe chun gníomhú thar ceann an chustaiméara, ag iarraidh dul timpeall ar bhearta sriantacha.

17. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna an fhaisnéis faoi chustaiméirí seo a leanas ar a laghad a scagadh, i gcomhréir leis na bearta sriantacha is infheidhme:

- a. I gcás duine nádúrtha:

- a. an céadainm agus an sloinne, sa leagan bunaidh agus/nó sa traslitríú a rinneadh ar na sonraí sin; agus
 - b. dáta breithe.
- b. i gcás duine dlítheanach: ainm an duine dhlítheanaigh, sa leagan bunaidh agus/nó sa traslitríú a rinneadh ar na sonraí sin;
- c. i gcás duine nádúrtha, duine dlítheanach, comhlacht nó eintiteas: aon ainmneacha eile, aon ailiasanna, aon trádainmneacha, aon seoltaí tiachóige, i gcás ina mbeidh fáil orthu sna liostaí a bhaineann leis na bearta sriantacha. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna údar cuí a thabhairt, trí mheasúnú neamhchosanta ar na bearta sriantacha, leis an rogha gan an fhaisnéis sin a scagadh nuair a bhíonn sí ar fáil.
18. Agus custaiméirí ar daoine dlítheanacha, daoine nádúrtha, comhlachtaí nó eintitis iad á scagadh, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil, an méid seo a leanas a scagadh freisin:
- a. úinéirí tairbhiúla trí leas úinéireachta;
 - b. úinéirí tairbhiúla trí rialú;
 - c. aon duine a mhaíonn go bhfuil siad údaráithe nó atá údaráithe chun gníomhú thar ceann an chustaiméara.

4.1.5 Scagadh ar aistrithe cistí agus cripteashócmhainní

19. Seachas i gcásanna a chumhdaítear in Airteagal 5d de Rialachán (AE) Uimh. 260/2012, ba cheart do PSPanna scagadh a dhéanamh ar aistrithe cistí sula gcuirfear na cistí ar fáil don íocaí, agus ba cheart do CASPanna gach aistriú cripteashócmhainní a scagadh sula gcuirfear na cripteashócmhainní ar fáil don tairbhí, cibé acu a dhéantar iad mar chuid de chaidreamh gnó nó mar chuid d'idirbheart aonuaire.
20. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna scagadh a dhéanamh ar gach páirtí in aistrithe cistí nó cripteashócmhainní i gcoinne na mbearta sriantach is infheidhme. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna aird ar leith a thabhairt ina measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha ar fhóntacht agus ar iontaofacht na mbeartas agus na nósanna imeachta um bearta sriantacha arna gcur i bhfeidhm ag PSPanna agus ag CASPanna lena bhfuil gnó á dhéanamh acu chun comhlíonadh na mbearta sriantach a áirithiú.
21. Na sonraí uile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh bearta sriantacha is infheidhme difear a dhéanamh d'idirbheart, ba cheart iad a scagadh i gcoinne na mbearta sriantach is infheidhme. Ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sna sonraí atá le scagadh:
- a. faisnéis faoin íocóir agus faoin íocaí de bhun Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2023/1113;
 - b. faisnéis faoin tionscnóir agus faoin tairbhí de bhun Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2023/1113;

- c. an cuspóir atá leis an aistriú cistí nó cripteashócmhainní agus má tá faisnéis ar fáil agus faoi réir measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha, réimsí saorthéacs eile lena soláthraítear tuilleadh faisnéise maidir le seoltóir/faighteoir iarbhír na gcistí nó na gcripteashócmhainní;
- d. mionsonraí na PSPanna agus na CASPanna a bhfuil baint acu le haistriú cistí nó cripteashócmhainní, lena n-áirítear institiúidí idirmheánacha, comhfhreagraithe, le scagadh ar chóid aitheantais amhail BIC, SWIFT agus eile;
- e. mionsonraí eile maidir le haistriú cistí nó cripteashócmhainní, ag brath ar chineál, cineál na hoibríochta, an doiciméadacht tacaíochta a fuarthas, má tá faisnéis ar fáil agus faoi réir measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha;
- f. seoltaí tiachóige thionscnóir agus thairbhí an aistrithe cripteashócmhainní, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil i liostaí oifigiúla de sheoltaí tiachóige atá nasctha le bearta sriantacha.

22.I gcomhréir leis na forálacha i gCuid 4.6 de Threoirlínte EBA/GL/2024/11 maidir le ceanglais faisnéise i ndáil le haistrithe cistí agus aistrithe áirithe cripteashócmhainní faoi Rialachán (AE) 2023/1113 ('Treoirlínte na Rialach Taistil'), ba cheart scagadh a dhéanamh freisin ar aon fhaisnéis nua a fhaightear ina dhiaidh sin, roimh an aistriú a dhéanamh nó ina dhiaidh sin.

23.I gcás inarb iomchuí, bunaithe ar mhéid agus ar líon na n-aistrithe cripteashócmhainní, ba cheart do CASPanna breithniú a dhéanamh ar anailís bhlocshlabhra a ionchorprú chun faireachán a dhéanamh ar idirbhearta sa chreat atá ann cheana.

4.1.6 Calabhrú

24.Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a chinneadh conas socruithe córais scagtha uathoibrithe a chalabhrú chun cáilíocht foláirimh a uasmhéadú agus chun sainaitheint gan débhrí a bhaint amach agus comhlíonadh na mbearta sriantach á áirithiú ag an am céanna. Bunaithe ar a measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus ar thástáil rialta, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

- a. maidir le gach beart sriantach is infheidhme, na paraiméadair iomchuí mheaitseála a shainiú ar dócha go nginfidh siad foláireamh réasúnach a chuirfidh ar chumas PSPanna agus CASPanna a n-oibleagáid maidir le bearta sriantacha a chomhlíonadh, trí thairseacha na bhfíorthorthaí dearfacha a bhaineann le céatadán éagsúla meaitseála a sheiceáil. Níor cheart calabhrú a bheith ró-íogair, rud a d'fhágfadh go mbeadh líon ard meaitseanna dearfacha bréagacha ann, nó íogair go neamhimleor, rud a d'fhágfadh nach mbraithfí daoine, eintitis agus comhlachtaí ainmnithe nó nach mbainfí úsáid as faisnéis saorhormáide le haghaidh bearta sriantacha eile;
- b. úsáid a bhaint as córas scagtha lenar féidir teicníc bunaithe ar algartaim a úsáid atá in ann ainm amháin nó sraith focal amháin a mheaitseáil, i gcás nach ionann ábhar na faisnéise atá á scagadh, ach go bhfuil a litriú, a patrún nó a fuaim ag teacht go dlúth leis

an ábhar atá i dtacar sonraí a úsáidtear le haghaidh scagadh (teicnící ‘meaitseála neamhbheachta’) agus an méid ‘meaitseála neamhbheachta’ ina gcóras scagtha a chalabhrú.

25. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcalabhrú sula bhforbrófar córas scagtha nua agus go tréimhsiúil araon, i gcomhréir lena measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha. Ba cheart dóibh a réasúnaíocht a dhoiciméadú agus í a chur ar fáil d’údaráis iniúla arna iarraidh sin.

4.1.7 Spleáchas ar thríú páirtithe agus ar sheachfhoinsiú

26. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta cén ghníomhaíocht a dhéanfaidh na PSPanna, na CASPanna, nó soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe chun comhlíonadh na mbeart sriantach is infheidhme a áirithiú. Maidir le seachfhoinsiú seirbhísí, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna, agus Treoirlínte EBA/GL/2019/02 á gcur san áireamh i gcás inarb infheidhme,⁹ na príomhphrionsabail seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- a. is ar na PSPanna nó ar na CASPanna an fhreagracht deiridh as bearta sriantacha a chomhlíonadh, cibé acu a dhéantar feidhmeanna sonracha a sheachfhoinsiú nó nach ndéantar.
- b. ba cheart cearta agus oibleagáidí na PSPanna agus na CASPanna agus an tsoláthraí seirbhíse a leithdháileadh go soiléir agus a leagan amach i scríbhinn.
- c. ba cheart do na PSPanna nó na CASPanna a bhraitheann ar chomhaontú seachfhoinsithe leanúint de bheith freagrach as faireachán agus maoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhíse arna soláthar ag an soláthraí seirbhíse;
- d. Ba cheart go mbeadh seachfhoinsiú ionghrúpa faoi réir an chreata rialúcháin céanna agus atá maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe seirbhísí lasmuigh den ghrúpa.

27. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna na rialuithe is gá a chur i bhfeidhm agus a fheidmiú chun a áirithiú nach gcuirfidh úsáid soláthraithe seirbhíse seachfhoinsithe iad i mbaol sárúithe ar bhearta sriantacha, agus na rialuithe sin a dhoiciméadú sa chomhaontú seachfhoinsithe.

28. I gcás inar cheart do sholáthraithe seirbhíse nuashonrú a dhéanamh ar shonraí atá le húsáid ag PSPanna agus ag CASPanna maidir le daoine nádúrtha, daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha is infheidhme, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a áirithiú go n-íoslaghdófar le comhaontú seirbhíse an riosca go sáródh na PSPanna agus na CASPanna bearta sriantacha.

29. Nuair a bheidh comhaontuithe seachfhoinsithe i bhfeidhm, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna rialú ar bhonn rialta a dhéanamh ar chomhlíonadh na ndualgas ag an soláthraí seirbhíse a eascraíonn as an gcomhaontú, measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhísí a

⁹ Treoirlínte EBA/GL/2019/02 maidir le socruithe seachfhoinsithe.

chumhdaítear le comhaontú agus aon bhearta maolaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear ath-idirbheartaíocht a dhéanamh ar an gcomhaontú.

30. Ní dhéanann forálacha na coda seo difear do dhualgais agus cúraimí PSPanna agus CASPanna maidir le hathléimneacht oibríochtúil dhigiteach mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2554¹⁰.

4.2 Dícheall cuí agus bearta fíorúcháin le haghaidh anailís foláirimh

4.2.1 Beartais agus nósanna imeachta chun foláirimh a bhainistiú agus anailís a dhéanamh orthu

31. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag PSPanna agus CASPanna chun foláirimh maidir le bearta sriantacha a imscrúdú. Leis na beartais agus na nósanna imeachta sin, ba cheart go gcuirfí ar chumas PSPanna agus CASPanna a dheimhniú cibé acu an fíormheaits dhearfach é foláireamh agus, más amhlaidh gur fíormheaits dearfach é, an ghníomhaíocht is gá a chinneadh d'fhonn an beart sriantach is infheidhme a chomhlíonadh.

32. Le beartais agus nósanna imeachta den sórt sin, ba cheart an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- a. céimeanna chun tús a chur le himscrúdú a dhéanamh gan mhoill ar na meaitseanna uile a d'fhéadfadh a bheith ann, maidir le gach aistriú cistí nó cripteashócmhainní;
- b. rialacha a leanann beartas ginearálta PSPanna agus CASPanna maidir le taifid a choimeád, chun aon chinneadh a dhéantar i ndáil le foláirimh a dhoiciméadú;
- c. bearta chun Cuid 4.2.2 de na treoirlínte seo a chomhlíonadh;
- d. leibhéil éagsúla athbhreithnithe a bheidh le déanamh i gcomhréir leis an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha, trí athbhreithniú ag beirt ar a laghad a chur chun feidhme i ndáil le cásanna neamhchosanta níos airde.

4.2.2 Bearta díchill chuí maidir le hanailís a dhéanamh ar fholáirimh

33. Ba cheart gné an bhirt shriantaigh faoi seach a bheith léirithe san fholáireamh arna ghiniúint ag an gcóras scagtha. Ba cheart do bhail foirne a bhfuil an saineolas is gá acu agus atá oilte go leordhóthanach anailís a dhéanamh ar fholáirimh¹¹.

¹⁰ Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (Téacs le hábharthacht LEE), IO L 333, 27.12.2022, I ch. 1.

¹¹ Féach Cuid 4.4 de na Treoirlínte maidir le beartais, nósanna imeachta agus rialuithe inmheánacha chun cur chun feidhme bearta sriantacha an Aontais agus bearta sriantacha náisiúnta a áirithiú.

34. Nuair a bhíonn amhras orthu faoi fhírinneacht meaits, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna faisnéis bhreise a úsáid a d'fhéadfadh a bheith acu agus/nó a bheith faighte acu chun tacú leis an anailís ar fholáirimh a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil, amhail:

- a. sonraí aitheantais duine nádúrtha, duine dhlítheanaigh, eintitis nó comhlachta nár úsáideadh ag céim an scagtha;
- b. faisnéis maidir le cónaí an duine nádúrtha agus faisnéis maidir le suíomh nó seoladh cláraithe an duine dhlítheanaigh, an eintitis nó an chomhlachta nár úsáideadh ag céim an scagtha;
- c. faisnéis faoi náisiúntachtaí, saoránachtaí daoine nádúrtha nár úsáideadh ag céim an scagtha;
- d. struchtúr ionadaíoch, bainistíochta agus eagraíochtúil na ndaoine dlítheanacha nár úsáideadh ag céim an scagtha;
- e. sonraí teagmhála nár úsáideadh ag céim an scagtha.

35. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta conas déileáil le cásanna nach féidir sainiú gan débhrí a thabhairt i gcrích tar éis dícheall cuí breise, gurb ionann meaits agus fíormheaits dearfach, meaits dearfach bréagach nó staid comhainmneacha. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna staonadh ó sheirbhísí airgeadais a sholáthar do pháirtí in aistriú sula dtiocfaidh siad ar chinneadh eolasach.

4.2.3 Measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil eintiteas faoi úinéireacht nó faoi rialú duine ainmnithe

36. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta conas a dhéanfaidh siad measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil duine dlítheanach nó eintiteas faoi úinéireacht nó faoi rialú duine ainmnithe nó eintitis.

37. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. na critéir a leagtar amach i dTreoirlínte Smachtbhannaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh¹² agus i gCuid VIII Dea-Chleachtais Chomhairle an Aontais Eorpaigh¹³ a chur i bhfeidhm chun a chinneadh an bhfuil eintiteas dlítheanach faoi úinéireacht nó faoi rialú duine eile nó eintitis;
- b. na critéir a úsáidtear chun úinéir tairbhiúil a shainiú faoin reachtaíocht is infheidhme a chur i bhfeidhm¹⁴;
- c. úsáid a bhaint as na foinsí poiblí faisnéise atá ar fáil, amhail cláir eintiteas faoi úinéireacht agus faoi rialú agus cláir úinéireachta tairbhiúla.

¹² <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11618-2024-INIT/en/pdf>, an Bhruiséil, 2 Iúil 2024, 11618/24 (nuashonrú).

¹³ [Nuashonrú ar Dhea-Chleachtais an Aontais Eorpaigh maidir le bearta sriantacha a chur chun feidhme go héifeachtach](#) (doic. 11623/24).

¹⁴ Airteagal 3, pointe (6) de Threoir (AE) 2015/849.

38. Má tá measúnú fós neamhchonclúideach, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna smaoineamh ar dhul i dteagmháil leis an údarás náisiúnta atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme. Is ar na PSPanna agus na CASPanna atá an fhreagracht deiridh as na bearta sriantacha a chomhlíonadh.

4.2.4 Rialuithe agus bearta díchill chuí chun bearta sriantacha earnála a chomhlíonadh

39. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha a chur san áireamh agus na cineálacha rialuithe a chuirfidh siad i bhfeidhm chun bearta sriantacha a chomhlíonadh á sainiú acu. Mar chuid de sin, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a chinneadh cén fhaisnéis atá ar fáil a bhaineann le hidirbheart a ndéanfar scagadh uirthi.

40. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna aird ar leith a thabhairt ar bhearta sriantacha earnála a bhaineann le dlínse nó críoch shonrach. Faoi bhearta sriantacha den sórt sin, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna scagadh a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhunúsach uile a bhaineann le haistriú cistí nó cripteashócmhainní chuig an dlínse shonrach nó chuig an gcríoch shonrach sin nó uathu nó le haistrithe cistí nó cripteashócmhainní arna dtionscnamh ag custaiméirí arb eol go ndéanann siad gnó sa dlínse shonrach sin nó sa chríoch shonrach sin. A mhéid a bheidh sé sin ar fáil, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna scagadh a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- a. faisnéis faoin tír náisiúntachta/ faoi na tíortha náisiúntachta, faoin áit bhreithe;
- b. faisnéis faoin ngnátháit chónaithe nó faoin bpríomháit ghnó trí sheoltaí eile, i gcomhréir leis an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha;
- c. faisnéis maidir leis an tír a ndéantar an t-aistriú cistí chuici nó uaithe, an áit a ndéantar an t-aistriú cistí;
- d. an cuspóir leis an aistriú cistí nó cripteashócmhainní agus réimsí eile saorthéacs ina dtugtar tuilleadh faisnéise faoi earraí, soithí, tír chinn scríbe nó tír thionscnaimh na n-earraí a ndéantar an íocaíocht ina leith, i gcomhréir leis an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha.

41. Má tá údar leis mar gheall ar an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna breithniú a dhéanamh ar ionchorprú ina gcóras scagtha uirlisí geoshuímh agus uirlisí chun úsáid seachsheirbhísí a bhrath chun seoltaí IP de thionscnamh tíre a ndéantar bearta sriantacha ina leith mar gheall ar chás a dhéanann difear don tír sin a shainaithint agus a chosc ó rochtain a fháil ar shuíomh gréasáin agus ar sheirbhísí PSP agus CASP maidir le gníomhaíocht a bhfuil toirmeasc uirthi faoi chórais na mbearta sriantach.

42. De réir a measúnaithe neamhchosanta ar bhearta sriantacha, féadfaidh PSPanna agus CASPanna breithniú a dhéanamh ar rialuithe sonracha a chur i bhfeidhm, amhail:

- a. ar chaidreamh gnó a bhunú, an fhaisnéis ábhartha a fháil faoi chineál gnó an chustaiméara agus faoi na tíortha ina bhfuil gnó á dhéanamh ag an gcustaiméir;
- b. faisnéis bhreise a iarraidh ar an gcustaiméir, amhail tuairisc ar earraí dé-úsáide nó aon earraí atá faoi réir bearta sriantacha earnála, faisnéis faoin gceadúnas iomchuí chun

déileáil leis na hearraí dé-úsáide, tír thionscnaimh na n-earraí, faisnéis faoi úsáideoir deiridh na n-earraí;

- c. faisnéis níos mionsonraithe a iarraidh ar an gcustaiméir maidir leis an gcuspóir cistí nó cripteashócmhainní a aistriú;
- d. na sonraí seo a leanas a úsáid: cláir loingseoireachta, taifid réadmhaoine agus tacair sonraí eile atá ar fáil go poiblí (i gcás ina mbeidh siad ar fáil).

43. I gcás ina n-úsáideann PSPanna agus CASPanna gnéithe chun faisnéis ó dhoiciméid a bhaineann le haistriú cistí nó cripteashócmhainní a léamh go huathoibríoch, amhail algartaim aitheanta optúla carachtar nó fíoruithe creasa meaisín-inléite, ba cheart dóibh na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go ngabfar faisnéis leis na huirlisí sin ar bhealach cruinn comhsheasmhach.

4.2.5 Bearta díchill chuí chun iarrachtaí ar dhul timpeall ar bhearta sriantacha a bhrath

44. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a bheith ar an eolas i gcónaí faoi thíopeolaíochtaí agus treochothaí maidir le dul timpeall ar bhearta sriantacha. Ar na foinsí ábhartha faisnéise ar cheart do PSPanna agus do CASPanna tagairt a dhéanamh dóibh i gcónaí, áirítear ar a laghad tuarascálacha arna gcomhroinnt ag:

- a. údaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil ar bhearta sriantacha a chur chun feidhme¹⁵ agus/nó údaráis mhaoirseachta náisiúnta;
- b. FIUnna agus údaráis forfheidhmithe dlí;
- c. comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha ábhartha ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal AE;
- d. Údaráis an AE¹⁶.

45. Ba cheart go gcuirfeadh beartais agus nósanna imeachta díchill chuí ar chumas PSPanna agus CASPanna iarrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann dul timpeall ar bhearta sriantacha a bhrath, amhail iarrachtaí chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. faisnéis i dteachtaireachtaí íocaíochta a fhágáil ar lár, a scriosadh nó a athrú;
- b. aistrithe a sheoladh trí dhaoine a bhfuil baint acu le custaiméir atá faoi réir bearta sriantacha;
- c. aistrithe cistí nó cripteashócmhainní a struchtúru chun rannpháirtíocht páirtí ainmnithe a cheilt;
- d. úinéireacht thairbhiúil nó rialú tairbhiúil sócmhainní a cheilt;
- e. doiciméadacht chúlra ghóchumtha nó chalaoiseach a úsáid chun cistí nó cripteashócmhainní a aistriú.

¹⁵ https://finance.ec.europa.eu/eu-and-world/sanctions-restrictive-measures/overview-sanctions-and-related-resources_en#contact.

¹⁶ Féach mar shampla https://finance.ec.europa.eu/news/sanctions-commission-publishes-guidance-help-european-operators-assess-sanctions-circumvention-risks-2023-09-07_en.

46. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna atá neamhchosanta go háirithe ar an riosca go n-úsáidfead iad chun dul timpeall ar rud breithniú a dhéanamh freisin ar anailís chomhiomlánaithe a dhéanamh ar shreafaí íocaíochta chuig tíortha nó ó thíortha atá faoi réir bearta sriantacha agus chuig tíortha nó ó thíortha arb eol go n-úsáidtear iad chun dul timpeall ar bhearta sriantacha.

4.3 Bearta reo agus tuairiscithe

4.3.1 Forghníomhú aistrithe cistí a chur ar fionraí agus cistí a reo

47. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag PSPanna chun oibríocht a chur ar fionraí gan mhoill lena spreagtar foláireamh maidir le meais a d'fhéadfadh a bheith ann le duine ainmnithe nó le heintiteas, nó atá faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú duine ainmnithe nó eintitis, nó gur duine ainmnithe é a úinéir tairbhiúil.

48. Má dheimhnítear le hanailís inmheánach PSPanna ar fholáireamh den sórt sin gurb é an duine ainmnithe nó an t-eintiteas an meais a d'fhéadfadh a bheith ann, nó go bhfuil sé faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú duine ainmnithe nó eintitis, nó gur duine ainmnithe é a úinéir tairbhiúil, ba cheart do PSPanna an méid seo a leanas a dhéanamh láithreach:

- a. na cistí comhfhreagracha a reo;
- b. stop a chur le forghníomhú aistrithe cistí a bheadh ina shárú ar bhearta sriantacha.

4.3.2 Aistrithe cripteashócmhainní a reo

49. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag CASPanna nuair a dhearbhaítear le hanailís inmheánach ar fholáireamh gurb é an meais a d'fhéadfadh a bheith ann an duine ainmnithe nó an t-eintiteas, nó go bhfuil sé faoi úinéireacht, i seilbh nó faoi rialú duine ainmnithe nó eintitis, nó gur duine ainmnithe é a úinéir tairbhiúil chun na cistí a reo agus a bhlocáil láithreach i gcuntas fionraí go dtí go dtabharfaidh an t-údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme treoir don CASP maidir leis an ngníomhaíocht atá le déanamh i leith na gcistí sin. Is ar CASP atá an fhreagracht deiridh as na bearta sriantacha a chomhlíonadh.

4.3.3 Bearta tuairiscithe

50. Faoi cheanglais an Aontais is infheidhme agus faoi na ceanglais náisiúnta is infheidhme, ba cheart próisis shoiléire a bheith ag PSPanna agus CASPanna chun tuairisciú gan mhoill, nó laistigh

de spriocdháta sonraithe, don údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme agus/nó don údarás maoirseachta inniúil an méid seo a leanas:

- a. aon ghníomhaíocht a dhéantar maidir le haistriú sonracha a bhaineann le bearta sriantach;
- b. sárú ar bhearta sriantacha a aimsiú; agus
- c. forghníomhú aon aistrithe cistí nó cripteashócmhainní a sháraíonn bearta sriantach is infheidhme trí fhaisnéis a sholáthar faoi na himthosca, amhail teagmhas i bhfeidhmiú an chórais scagtha i ndáil leis an aistriú sin.

51. Nuair atáthar in amhras go bhféadfaí dul timpeall ar bhearta sriantacha, nó nuair a bhraitear iarracht ar aistriú cistí nó cripteashócmhainní ag duine nádúrtha, ag duine dlítheanach, ag eintiteas nó ag comhlacht, nó chucu siúd, ba cheart do PSPanna agus CASPanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. é a thuairisciú don údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme má cheanglaítear sin go sonracha i Rialachán AE maidir le bearta sriantacha;
- b. an tuarascáil ar idirbheart amhrasach a chomhdú más gá faoin reachtaíocht is infheidhme.

4.3.4 Nósanna imeachta maidir le díolúintí nó maidir le deireadh a chur le bearta sriantacha

52. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith ag PSPanna agus ag CASPanna chun a chinneadh an bhfuil feidhm ag díolúintí, córais ceadúnais nó maoluithe, agus más rud é go bhfuil feidhm acu, conas leanúint ar aghaidh, d'fhonn dlí an Aontais is infheidhme nó an dlí náisiúnta is infheidhme a chomhlíonadh. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna a leagan amach ina mbeartais agus ina nósanna imeachta cén fhaisnéis a chuirfidh siad ar fáil do chustaiméirí ar mhaith leo maolú a iarraidh chun a gcistí reoite a úsáid, má cheadaítear maolú den sórt sin faoin gcreat dlíthiúil is infheidhme. Ba cheart go n-áireofaí san fhaisnéis sin faisnéis faoi chearta an chustaiméara i gcás den sórt sin.

53. Ba cheart beartais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag PSPanna agus ag CASPanna lena sonrógar gníomhaíocht a bhaineann le cistí agus cripteashócmhainní atá faoi réir bearta sriantacha sonracha a luaithe is a chuirfear deireadh leis an mbearta sin.

4.4 Éifeachtacht leanúnach beartais, nósanna imeachta agus chórais scagtha na mbearta sriantach a áirithiú

54. Chun a bheith éifeachtach, ba cheart do beartais, nósanna imeachta agus córais scagtha na mbearta sriantach PSP agus CASP cur ar chumas an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. meaitseanna dearfacha a bhrath go hiontaofa;

- b. ar dheimhniú meaitseanna dearfacha, forghníomhú aon aistrithe cistí a chur ar fionraí láithreach, aon aistrithe isteach a bhlocáil agus iad a thaisceadh i gcuntas fionraí, na cistí nó na cripteashócmhainní a reo gan mhoill agus na gníomhaíochtaí sin a thuairisciú don údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme chun tuilleadh treoracha a fháil;
- c. sócmhainní reoite a thuairisciú do na húdaráis náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme agus/nó don údarás inniúil maoirseachta mar a cheanglaítear leis na dlíthe is infheidhme gan mhoill nó laistigh de spriocdhátaí a shonraítear le dlí an Aontais is infheidhme nó leis an dlí náisiúnta is infheidhme;
- d. amhras faoi dhul thimpeall ar bhearta sriantacha nó iarracht ar dhul thimpeall ar bhearta sriantacha a thuairisciú don údarás náisiúnta ábhartha atá inniúil chun bearta sriantacha a chur chun feidhme nó don FIU náisiúnta má cheanglaítear é sin faoin reachtaíocht is infheidhme.

55. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna tástáil ar bhonn rialta a dhéanamh ar shocruithe a gcórais scagtha chun a chinneadh an bhfuil an córas scagtha fós iomchuí i bhfianaise mheasúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha PSP agus CASP, agus go bhfuil sé fós éifeachtach. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna minicíocht na seiceálacha a chinneadh bunaithe ar an measúnú neamhchosanta ar bhearta sriantacha agus iad a thaifeadh ina mbeartais agus ina nósanna imeachta.

56. Agus a gcóras scagtha á thástáil acu, ba cheart do PSPanna agus do CASPanna an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a. calabrú an chórais scagtha a thástáil mar a leagtar amach i gCuid 4.1.6;
- b. measúnú a dhéanamh ar chruinneas bhainistíocht an liosta trí úsáid a bhaint as bearta sriantacha is infheidhme agus atá cothrom le dáta;
- c. measúnú a dhéanamh maidir le cibé acu an bhfuil scagadh á dhéanamh ar gach custaiméir agus ar gach aistriú cistí agus cripteashócmhainní nuair is gá;
- d. measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht agus ar ábharthacht na réimsí faisnéise a úsáidtear sa chóras scagtha, amhail raon feidhme na n-aistrithe cistí nó cripteashócmhainní a chuirtear leis an gcóras scagtha;
- e. measúnú a dhéanamh ar thráthúlacht fionraí uathoibríoch na n-oibríochtaí;
- f. measúnú a dhéanamh ar cibé acu a fhágann na próisis agus na hacmhainní atá ar fáil chun anailís a dhéanamh ar fholáirimh gur féidir tuairisciú pras a dhéanamh ar fhíormheaitseanna dearfacha.

57. Ba cheart do PSPanna agus do CASPanna laigí nó easnaimh shuntasacha sa chóras scagtha a thuairisciú don chomhlacht bainistíochta agus bearta ceartaitheacha a dhéanamh gan mhoill.